# Is cuimhin liom.... Tórramh Meiricéanach 1949 sa Charraigín, Rinn Ó gCuanach

Ba mhó duine a d'imigh ar imirce dtí Meiriceá ón Rinn na blianta ó shin. Tháinig na comharsan go léir le chéile chun slán a ghabháil agus tugtaí tórramh meiricéanach ar an ócáid seo. Ocáid deas ach fós brónach ba ea é seo mar is minic nár d'fhill an duine riamh aríst dtína a áit dhúchais. Thosnódh an tórramh ar a 8 san oíche agus leanfadh sé dtí a 8 an maidin dár gcionn.

Ba é tórramh Maurice Cuirrín ón Charraigín an tórramh deireannach go háitiúl chomh maith le Micil Ó hAodha, Bóthar an Sop agus is i 1949 a d'imíodar leo dtí Meiriceá.

Ag an tórramh Meiricéanach bhí ceoil, scealaíocht, seanachas, rinnce seit/waltz. Ghlac gach aoinne páirt John McGrath ag imirt an melodeon, Pat White ar an fidil, Nick agus Tom Keohan ag canadh agus ag rinnce, Mikey Burns ag canadh a lán amhrán a chum sé fhéin The Carrots Hay, The Racket, Big Rabbits are clever down in Ballycreen, Murphy Threshing, The Old School House in Ring and Paddy Curran ag canadh the Rocks of Bawn. Chan chomharsan Deuglan Ó Reagáin Easter Week agus dúirt a bhean Peig Na Prátaí Dubha.

Is cuimhin le Nollag Ó Cionnfhaolaidh dul suas an Charraigín tar éis a rang gaeilge sa mhéanscoil nuair a chríochnaigh sé ar a 10 a chlog. Bhí tuairim is 20 buachaillí/cailíní leis agus d'fhanadar go dtí a 8 an maidin dár gcionn, sula chuaigh sé ag obair dtí feirm Quinns.

Fear an-dheas ba ea Maurice agus comharsan iontach ba ea é, is iomaí uair oibre a dhein sé gan pá. Ba chailliúnt mór don bparóiste é agus bhí sé páirteach i mbunú an halla CYMS. Bhí mé fhéin 13 ag an am agus ocáid brónach ba ea é seo, gaol liom ba ea é, deirfiúracha ba ea ár beirt seanmháthair agus chaitheamar an chuid am ag dul ó thigh go tigh ón Chairraigín dtí Ráth na mBirínneach.

Bhí Tommy Mac Craith is é 12 bliain d'aois ag an am tar éis rothaíocht dtí baile mór Dún Garbhán chun mála taisteal a bhailiú ó Rennit Murphy do Maurice. Bhí Maurice réidh le dul agus bhí Micil Ó hAodha ó Bóthar na Sop ag fágaint an maidin céanna agus bhí tórramh Meiricéanach aige an oíche roimhe i mBóthar na Sop. Canadh an tamhrán deireannach A Chomaraigh Aoibheann Ó go hálainn ó Mick Drummy ar an Charraigín tar éis a 8. D'fhag dhá hackney an Charraigín an maidin san go Cobh, Maurice i hackney Benny Dees agus Micil i hackney David Hennessy. Ocáid fíor brónach do gach aoinne a bhí ann an maidin san ag fágaint slán leo.

Chuaigh Micil dtí Nua Eabhrac agus níor d'fhill sé riamh. Chuaigh 50 bliain thart sular bhuail mé le Maurice nuair a thugas féin cuairt ar Bostún.

Nuair a d'imigh Maurice i 1949, is dtí a aintín a chuaigh sé - Bridget Curran a bhí pósta le Tom Galvin ón Sean Phobal i Charlestown, Bostún, USA. Ní raibh clann acu agus thógadar Maurice isteach agus is ann a d'fhan sé. D'oibrigh sé i nGairdín Bostún.

Michael F. Hayes Sr.

MAY 7, 1928 – NOVEMBER 28, 2018

**THE WORLD-FAMOUS FLOWERS in the Boston Public Garden owe much of their celebrated beauty to this man, Maurice Curran, foreman in charge of the nearly year-round displays. A native of Ring, Co. Waterford, Ireland, ex-farmer Maurice came here in 1949 and has been employed by the Boston Park Department for 29 years. He was appointed foreman nine years ago, just in time to mastermind floral arrangements for the Pope's visit. Here Curran uproots pansies prior to planting the next displays for summer viewing. The Boston Public Garden this year observes its 150th year.**

*(Pilot Photo by Sister Rita Murray, OSF*